Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/3980

3.8.2026

**Iarraidh ar réamhrialú ón Raad van State (an Ísiltír) a taisceadh an 27 Lúnasa 2025 – X (Achomharcóir 1), X (Achomharcóir 2) v Minister van Asiel en Migratie**

**(Cás C-569/25, Alcker** [1]**)**

(C/2026/3980)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne tarchur**

Raad van State

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* X (Achomharcóir 1), X (Achomharcóir 2)

*Cosantóir:* Minister van Asiel en Migratie

**An cheist a tharchuirtear:**

An bhfuil Airteagail 5, 9 agus 14 de Threoir 2008/115/CE [2] le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhfuil daoine atá ag fanacht go neamhdhleathach san Ísiltír, nach féidir, mar gheall ar bhaol go sárófar prionsabal an *non-refoulement*, iad a aistriú chuig a dtír thionscnaimh ar feadh tréimhse éiginnte agus nach bhfuil ceart cónaithe acu san Ísiltír, nach féidir leo ach oideachas, cúram leighis riachtanach nó cúnamh dlíthiúil a éileamh ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad, cé nach bhfuil sé cinnte an mbeidh siad i dteideal ceart cónaithe fiú tar éis na tréimhse sin?

(1) Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

(2) Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO 2008 L 348, lch. 98).